Leabhrán Eolais do Scoileanna

www.pdst.ie

An chaoi a dtéann an Bhulaíocht i bhFeidhm ar Dhaoine

Go fisiciúil	• Easláinte fhisiciúil (Rigby 1999) • Gortú fisiciúil (Olweus & Limber 2000) • Forrántacht/Foréigean (Olweus 1994) • Damáiste d'earraí pearsanta nó maoin a chailliúint
Sóisialta	• Muinín a chailleadh • Uaigneas (Hawker & Boulton, 2000) • Féinmheas íseal (Ross 1996) • Aonrú Sóisialta (Rigby 1996) • Buairt shóisialta (Hawker & Boulton, 2000)
Go Síceolaíoch	• Eagla/Faitíos (Olweus 1993) • Buairt ghinearálaithe (Rigby 1996) • Fearg (Rigby 1996)(Borg 1998) • Dúlagar (tuar maith ar íospairt ag comhaoisigh) (James, 2003) • Smaointe nó iompraíocht a bhaineann le féinmharú (James 2003)

Comharthaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil bulaíocht á imirt ar dhalta

Comharthaí Fisiciúla

- Brú craicinn, cneácha, etc. gan míniú
- Damáiste do mhaoin phearsanta nó í a chailliúint
- Tart nó ocras
- Miontinnis, tinnis chinn, tinnis bhoilg go minic
- Fliuchadh leapa
- Easpa goile
- Iompraíocht dhúghafa (obsessive), cuma fhisiciúil (dreach), meáchan
- Stadaireacht (sa chaint)
- Airgead breise á lorg

Comharthaí Mothúchánacha / Síceolaíocha

- Rachtanna feirge, greannaitheacht sa bhaile
- Ag déanamh bulaíochta ar dheartháir, ar dheifiúr, ar thuismitheoirí
- Leanbh a bhíodh béasach tráth ag tabhairt trioblóide anois

Comharthaí a bhaineann le dúlagar

- Athruithe ar: giúmar, goile, patrún codlata
- Tuirse, ar nós cuma liom faoina d(h)reach
- Cur in iúl go bhfuil sé/sí faoi bhrón, nach fiú faic é/í
- Tromluithe, gol san oíche
- Corrthónacht, dainséarach, fiáin, iompar suaiteach
- Soiniciúlacht, meoin dhorcha
- Bagairtí follasacha nó intuigthe maidir le féinmharú

Comharthaí a bhaineann leis an scoil

- Drogall air/uirthi dul ann, ag iarradh tionlacaí le dul leis/léi
- Ag filleadh abhaile i ndrochghiúmar
- An bealach abhaile a athrú
- Laethanta/ceachtanna áirithe a sheachaint
- Neirbhíseach sa rang
- Fadhbanna poncúlachta
- Gan a bheith in ann an aigne a dhíriú ar aon rud
- Obair scoile ag dul in olcas
- Éadóchas á chur in iúl
- Líon níos lú glaonna gutháin, cuairteoirí agus cuirí
- Drogall air/uirthi a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí

- Glaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist mhaslacha

Cineálacha agus minicíocht Bulaíochta

Cineálacha bulaíochta a fhulaingíonn daltaí bunscoile

Cineál Iompraíochta	Cailíní	Buachaillí
Tugadh leas-ainmneacha orm	**58%**	**58%**
Tugadh leas-ainmneacha orm faoi mo chine, dhath nó chúlra	**7%**	**9%**
Gortaíodh go fisiciúil mé (i.e. cic nó buille)	**15%**	**32%**
Rinneadh bagairt orm	**13%**	**23%**
Tógadh nó goideach mo chuid earraí	**10%**	**9%**
Scaipeadh ráflaí fúm	**25%**	**21%**
Ní labhraíodh aon duine liom	**22%**	**8%**

O Moore et al (1997)

Céatadán leanaí a ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil

O'Moore et al 1997

Minicíocht	Bunscoileanna		Iar-bhunscoileanna	
	Buachaillí	Cailíní	Buachaillí	Cailíní
Uair nó dhó	15.8	21.0	8.4	14.7
Uaireanta	6.8	9.9	2.1	4.3
Uair sa tseachtain nó níos mó	3.2	5.10	1.0	3.4
Iomlán de réir inscne	25.8	36.0	11.5	22.4
Iomlán	Bunscoil 30%		Iar-bhunscoil 16%	

GNÉASCHLAONADH - COMHAIRLE DO SCOILEANNA

POINTÍ GINEARÁLTA

- Is féidir le scoileanna cultúr a chothú ina nglactar leis an ní sin atá difriúil. Is féidir é sin a lua go follasach nuair is cuí, seachas talamh slán a dhéanamh de go dtuigeann cách é,
- Cuid dhílis den RSE is ea meas ar dhaoine eile a fhoghlaim; san áireamh air sin tá meas ar theaghlaigh agus ar dhaoine atá difirúil ón norm.
- Tugann na hAchtanna um Stádus Comhionann 2000 agus 2004 cosaint i gcoinne idirdhealúcháin ar naoi bhforas (gcúis), arb é gnéaschlaonadh ceann acu. Cuireann na hAchtanna d'oibleagáid orthu siúd a dhéanann bainistiú ar scoileanna daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach.
- Má bhíonn leanaí ag úsáid an fhocail 'aerach' ar bhealach diúltach, is fearr gan neamhaird a dhéanamh dó ag súil go stopfaidh sé uaidh féin. Bhainfeadh an chomhairle chéanna le heachtraí bulaíochta.
- Comhairlítear do scoileanna straitéis a chur le chéile chun freagra a thabhairt do leanaí a bhfuil ceisteanna acu faoi ghnéaschlaonadh nó atá ag tathant ar leanaí faoina bheith aerach. Ba chóir é sin a dhéanamh i gcomhthéacs éiteas na scoile agus an bheartais RSE agus leis an tuiscint go bhfuil leanaí bunscoile ró-óg, is dócha, chun mionphlé a dhéanamh ar chéannacht ghnéasach.
- Ciorclán 22/2010 Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS): Treoirlínte Dea-Chleachtais do Bhunscoileanna

MOLTAÍ PRAITICIÚLA

- Ag brath ar an gcomhthéacs agus ar aoisghrúpa na leanaí, d'fhéadfadh an múinteoir a fhiafraí den leanbh nó den rang ina iomláine céard atá is gceist aige/aici/acu leis an bhfocal 'aerach'.
- D'fhéadfadh an múinteoir cinneadh a dhéanamh freagra cosúil le 'Cuireann tromlach daoine spéis i ndaoine den ghnéas eile' a thabhairt. Tugtar heitrighnéasach air seo. Cuireann daoine áirithe spéis i ndaoine den ghnéas céanna. Homaighnéasach nó aerach a thugtar air seo.
- Ach a dtugtar eolas fíorasach mar sin ar bhealach oscailte macánta seans go gcuideodh sé le deireadh a chur leis an rúndacht a bhíonn de dhith don bhulaíocht.
- Ba chóir caitheamh le maslaí homafóbacha ar an gcaoi chéanna is a chaithfí le maslaí ciníocha nó eile - is féidir leis an múinteoir a mhíniú go deas suaimhneach don leanbh

go ngoilleann maslaí den chineál sin ar an duine eile agus nach ngacfar leis an saghas sin iompair.

- Cothaíonn scoileanna cultúr na curmarsáide a dhiúltaíonn do leasainmneacha maslacha a thabhairt ar dhaoine

Tábla A: Príomhghnéithe de chultúr agus timpeallacht dhearfach scoile (Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna 2013)

Réimse fócais	Ráiteas Fíor/Bréagach
Aithníonn an scoil an ceart atá ag gach ball de phobal na scoile taitneamh a bhaint as an scoil i dtimpeallacht shlán shábháilte.	
Aithníonn an scoil uathúlacht gach duine agus luach an duine sin mar dhaonnaí.	
Cothaíonn an scoil nósanna dearfacha a bhaineann le féinmheas, féin-araíonacht agus freagracht i measc gach duine dá baill.	
Toirmeascann an scoil iompraíocht nó teanga atá gáirsiúil, maslach, seicteach nó ionsaitheach ó dhuine ar bith dá baill.	
Tá an scoil meáite go soiléir ar chomhionannas i gcoitinne agus ar chomhionannas inscne a chur chun cinn go háirithe i dtaca le gach gné dá cuid oibre.	
Tá sé ar chumas na scoile athrú de thoradh ar riachtanais na ndaltaí.	
Aithníonn an scoil gnéithe den churaclam lenar féidir tionchar dearfach agus seasmhach a imirt i dtaca le dearcaí agus luachanna na ndaltaí a chothú.	
Déanann an scoil seo cúram faoi leith do dhaltaí atá i mbaol agus úsáidtear córais mhonatóireachta a dhéanann áisitheoireacht do luath-idirghabháil nuair is cuí agus freagtaítear do riachtanais, d'ábhair imní nó d'ábhair bhuartha na mball aonair ar bhealach íogair.	
Aithníonn an scoil an gá atá ann oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus iad a choinneáil ar an eolas i dtaobh gnásanna chun caidrimh a fheabhsú ar fud na scoile ina hiomláine.	
Aithníonn an scoil ról na dtuismitheoirí maidir le raon scileanna saoil a thabhairt do dhaltaí.	
Aithníonn an scoil ról gníomhaireachtaí pobail eile chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus chun í a chosc.	
Cothaíonn an scoil nósanna a bhaineann le comh-mheas, cuirtéis agus tuiscint ar idirspleáchas daoine i ngrúpaí agus i bpobail.	
Cothaíonn an scoil seo cáilíochtaí a bhaineann le freagracht shóisialta, caoinfhulaingt agus tuiscint i measc gach ball, idir sa scoil féin agus lasmuigh di.	
Bíonn comhfhreagracht ar bhaill foirne, faoi stiúir an Phríomhoide, cur chun gnímh chun bulaíocht / iompraíocht ionsaitheach a dhéanann aon bhall de phobal na scoile a chosc.	

Plean Gnímh Samplach chun cultúr agus timpeallacht dearfach scoile a chothú

Sprioc: Cleachtais a fhorbairt a chinnteoidh go dtabharfar tús áite do chultúr agus timpeallacht dhearfach ar fud na scoile

Tá tagairt déanta againn do na Gnásanna Frithbhulaíochta inár bPlean Gnímh in Aguisín 2.

Tascanna: Cé na céimeanna a chaithfimid a ghlacadh?	Cé a dhéanfaidh é?	Cén uair a dhéanfar é?	Críochnaithe Go leanúnach Curtha ar athlá
Mar fhoireann, taispeánfaimid dea-shampla den iompraíocht mheasúil i leith gach ball de phobal na scoile i gcónaí	Gach ball foirne		Go leanúnach
Múinfimid go follasach do dhaltaí i ngach leibhéal ranga cad is iompraíocht agus teanga mheasúil ann sa rang agus ar fud na scoile.	Gach ball foirne		Go leanúnach
Glacfaimid páirt i ngníomhaíochtaí FGL (CPD) i leith frithbhulaíocht agus cuirfimid am ar leataobh, mar fhoireann le tabhairt faoi pleanáil frithbhulaíochta	Gach ball foirne	Meitheamh 2014 agus go leanúnach	
Aontóimid ar phríomhtheachtaireachtaí measa agus cuirfimid ar taispeáint sna seomraí ranga, in áiteanna cruinnithe agus ar fud na scoile iad. Beidh na daltaí rannpháirteach i bhforbairt na dteachtaireachtaí sin agus déanfar iad a chrostagairt leis an gCód Iompraíochta	Ionadaithe foirne ag gach leibhéal ranga		Go leanúnach

Déan tagairt do 3.2.1 de Gnásanna Frithbhulaíochta: Táscairí d'iompar bulaíochta

Comhairle i dtaca le Cuntais a Choinneáil

- Ba chóir don scoil cuntas a choinneáil.

- Seans gur sláine a bheadh cuntais ar iompraíocht bhulaíochta má choinnítear iad in áit eile seachas le comhad ginearálta an dalta

<u>Cuntais a choinneáil</u>

- is féidir dlíthíocht i dtaca le dualgas cúraim scoile a thosú roinnt blianta tar éis don dalta an scoil a fhágáil

- I gcás cásanna tromchúiseacha, is í an chomhairle is fearr a chuirfí ar scoileanna gan dáta éaga a chur le stóráil sonraí.

An Tionscadal Píolótach Dublin Cool School 2009

Tagairtí

- Cotter, P. &McGilloway, S. (2011). Living in an "electronic age": Cyberbullying among Irish adolescents. Irish Journal of Education, 39, 44-56.

- Department of Children and Youth Affairs (2012) *State of the Nation's Children: Ireland 2012.* Dublin: Government Publications.

- Department of Education and Skills (2013). *Action Plan on Bullying: Report of the Anti-Bullying Working Group to the Minister of Education and Skills.*

- Mayock, P. et al (2009). *Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People.* Dublin: Gay and Lesbian Equality Network (GLEN) and BeLonG To Youth Service.

- Ombudsman for Children (2012). *Dealing with bullying in schools. A consultation with children & young people.* Dublin: Ombudsman for Children's Office.

- O Moore M. (2012) *Cyber-Bullying: the situation in Ireland.* Pastoral Care in Education: an international journal of personal, social and emotional development.

- O Moore and Stevens (2013). *Bullying in Irish Education.* Cork University Press.

- O'Neill, B., Grehan, S. &Olafson, K. (2011) Risks and safety for children on the Internet: the Ireland report. LSE, London: EU Kids Online.p .34. Livingstone, S., Haddon, L., Gorzig, A. &Olafsson, K. (2011) Risks and safety on the Internet.The perspectives of European children.Full findings. LSE, London: EU Kids Online. p. 61-71.

- The Equality Authority, 2005. *Schools and the Equal Status Act:* http://www.education.ie/en/publications/education_reports/ge_schools_and_equality.pdf

- Williams et al (2009) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children-The lives of 9-Year Olds.* Dublin: The Stationery Office.